# Glór Cheatharlach

## Beidh Shane Ó hAonghusa ag casadh ag an bPan Cheilteach



Pic: Beidh Shane Ó hAonghusa ag casadh ag an gcomórtas Pan Cheilteach

I measc na n-aíonna speisialta a bheidh ag casadh ceoil ag an gcomórtas náisiúnta Amhrán Pan Cheilteach ins an Óstán Seven Oaks ar an Satharn beag seo, 7ú Márta beidh an giotáraí óg Shane Ó hAonghusa.

Giotáraí 'méarstíle' is ea Shane ó Tigh an Raoilinn, Co. Cheatharlach. Tá clú agus cáil air anseo in Éirinn agus níos fairsinge fós. Chuir ceoltóirí aitheanta cosúil le Tommy Emmanuel, Nile Rodgers agus Pat Coldrick, daoine atá in ard a réimeanna, moltaí den scoth air. Tagann Shane ó theaghlach mór ceoil Mhic Aonghusa agus is iarscoláire de Ghaelscoil agus Gaelcholáiste é. Chuir sé tús ar a chúrsaí ceoil leis an bhfeadóg stáin, an bosca ceoil agus an consairtín agus é ina ghasúr óg. Ach, ag trí bliana déag, rug sé greim ar ghiotár agus tá an greim sin fós i bhfeidhm inniu! Tá sé deacair le rá céard atá i gceist le stíl cheoil Shane; tá func, snagcheol, na gormacha, rac, pop, ceol traidisiúnta agus ceol clasaiceach le cloisteáil inti; ach cuireann Shane a lonracht féin orthusan agus bíonn na torthaí dochreidte.

Is iomaí stáitse ar ar chas Shane ar fud an domhain: ó Fhéile Idirnáisiúnta na nGiotár Inis Eoghain go dtí an Rúis! Agus ó Electric Picnic agus Longtitude, cinn de na féilte cheoil is mó in Éirinn, go dtí An Ghearmáin agus An Danmhairg. Tá sé i mbun taifeadadh albaim nua fé láthair agus ar intinn aige é a sheoladh ag deireadh na míosa seo. I mbliana, beidh Shane thar n-ais ar an mbóthar, ag tosú Turais Eorpaigh i mí Aibreáin sa Ghearmáin. Ach sar a bhuaileann sé bóthar beidh deis ag an bpobal áitiúil Shane a chloisteáil agus a fheiceáil ar an stáitse nuair a osclóidh sé clár na hoíche ag an gcomórtas náisiúnta Amhrán Pan Cheilteach ar an Satharn. Bígí cinnte nach banna a bheidh ar an stáitse ach oirfideach mealltach le giotar ag luascadh ar a ghualainn. Ná caill é!

| Gluais: | Glossary |
|---|---|
| aíonna | guests |
| ag casadh | performing |
| giotáraí | giotarist |
| greim | grip |
| stíl | style |
| lonracht | gloss |
| turas eorpaigh | european tour |
| oirfideach | entertainer |

## Seó Stáitse mar chúnamh don Bhéaltriail

Ní fada anois go mbeidh na mílte dalta ag tabhairt faoi Bhéaltriail na Gaeilge mar chuid de scrúdú na hArdteistiméireachta. Cuirfear seó speisialta ar siúl i rith Fhéile na Gaeilge chun cabhrú leo a bheith réidh don scrúdú tábhachtach seo agus marcanna breise a ghnothú. 'Caith Amach É!' is teideal den seó agus is Comhlacht High Rock a chuirfidh é i láthair in Amharclann GB Shaw ar an Déardaoin, 19ú Márta ag 10.00r.n.

Bunaíodh 'Caith Amach É' sa bhliain 2011 chun cúnamh a thabhairt do dhaltaí leis an leagan amach nua don Bhéaltriail. Is seó grinn é bunaithe ar an sraith de fiche pictiúr don Bhéaltriail. An aidhm atá ag an gcomhlacht ná muinín agus misneach a thabhairt do dhaltaí agus iadsan ag ullmhú don Bhéaltriail. Tá an-chlú ar an seó áirithe seo agus maireann sé ar feadh 1 uair. Tá sé bríomhar, barúil agus spreagúil, lán le stíleanna eagsúla drámaíochta, ceol, puipéidí, idirghníomhíocht, drámaíocht fisiciúil srl. Tá an cur i láthair bríomhar lán le fuinneamh, agus cruthaithe sa chaoi go mbeidh sé oiriúnach do dhalta ar bith.

Beirt deartháir atá taobh thiar den chomhlacht High Rock agus tugann siad an seó ar chamchuairt fud fad na tíre. Ta 'Caith Amach É' feicthe ag breis is 10,000 dalta, i 150 scoil, 24 contaetha ar fud na tíre.

Is deis iontach é do dhaltaí i mbliain 4-6 an seó a fheiceáil mar chuid d'Fhéile na Gaeilge. Tá gach eolas curtha chuig iarbhunscoileanna an cheantair. €5 an táille. Ní foláir clárú gan mhoill áfach agus uimhreacha a chur in iúl do Ghlór Cheatharlach ar 059 9158105, 087 1857048 nó eolas@glorcheatharlach.ie. Bígí ann agus bígí réidh don Bhéaltriail!




Pic: 'Caith Amach É' do dhaltaí ag ullmhú don Bhéaltriail

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| béaltriail | oral exam |
| seó stáitse | stage show |
| breis | extra |
| aidhm | purpose |
| muinín | confidence |
| misneach | courage |
| bríomhar | lively |
| fuinneamh | energy |
| ar chamchuairt | on tour |




Cuid de na grúpaí a bhí sa pharáid anuraidh

# Réidh do Pharáid na Féile Pádraig

Tá na socruithe faoi lán seoil do mhórshiúl na Féile Pádraig i mbaile Cheatharlach agus táthar ag súil le tacaíocht mhór agus rannpháirtíocht forleathan. Reachtálfar an pharáid ar an Mháirt, 17ú Márta. Chun tosaigh beidh an lúthchleasaí óg áitiúil Marcas Ó Leathlobhair atá ag baint clú agus cáil amach dó féin agus Miriam Nic Gabhann, an Rós Cheatharlach reatha. Táthar ag súil chomh maith le baill de Na hÓglaigh Cúltaca. Beidh baill de mhaithe agus mhóruaisle an bhaile ar an seastán athbhreithnithe a bheidh suite lasmuigh de Teach Dolmain. Déanfaidh baill de Sheirbhísí d'Aos Óg Cheatharlach an seastán a mhaisiú go cuí.

Tosnóidh na rannpháirtithe éagsúla ag bailiú le chéile ó 2.30i.n. agus cuirfear tús leis an mórshiúl ag 3.30i.n. Baileoidh na coisithe le chéile i gcarrchlós Penneys agus is ar Shráid na Buirne a dhéanfaidh na flótaí agus na feithiclí scuaine taobh thiar d'fheithiclí na Seirbhísí Dóiteáin. Beidh cúrsaí sláinte agus sábháilteacht na hócáide faoi chúram an Gharda Síochána i gcomhar le baill an Chosaint Sibhialta.

Iarrtar ar scoileanna, clubanna spóirt, grúpaí rince agus drámaíochta, eagrais dheonacha agus an lucht gnó tacú leis an bparáid agus a bheith páirteach i mbliana. Beidh trí bhanna ceoil ag máirseáil le Píobairí Ghleann Uisean, Banna Scoile na Toirbhirte agus Banna Píobairí Naomh Bríd as ceantar Átha Í ag soláthar ceoil. Le cinntiú go mbeidh mórshiúl den scoth ag baile Cheatharlach i mbliana cuirfear fáilte roimh gach tacaíocht. Iarrtar ar ghrúpaí clárú gan mhoill agus roimh an Mháirt, 10ú Márta ar a dhéanaí. Tá foirmeacha ar fáil ó Ghlór Cheatharlach agus ó oifigí na Comhairle Chontae. Is féidir gach eolas a fháil ó 087 2857048, 059 9158105 nó eolas@glorcheatharlach.ie

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| socruithe | arrangements |
| mórshiúl | parade |
| tacaíocht | support |
| rannpháirtithe | participants |
| coisithe | walkers |
| carrchlós | carpark |
| scuaine | queue |
| sábháilteacht | safety |
| píobairí | pipers |
| clárú | register |

# SPRAOI na Féile!



Rinne na páistí cártaí dá dtuistí sa ghrúpa SPRAOI

Reachtálfar eagrán speisialta de SPRAOI, an grúpa dátheangach do thuistí agus leanaí, mar chuid de chlár Fhéile na Gaeilge. Tiocfaidh an grúpa le chéile ar an Satharn, 14ú Márta ag 11 a chlog ar maidin in Ionad Pobail Darach Nua. Beidh tae agus caife ag na tuismitheoirí agus comhrá dátheangach ar siúl acu fhad is a bheidh na páistí ag spraoi. Cuirtear fíorchaoin fáilte roimh éinne go bhfuil suim acu Gaeilge a labhairt lena bpáistí agus iad i suíomh spraíúil, neamhfhoirmiúil. Ní gá a bheith líofa sa Ghaeilge ach a bheith sásta triail a bhaint aisti!

Baineann idir pháistí agus tuistí an-taitneamh as na seisiúin shóisialta seo. Spreagtar labhairt na Gaeilge agus is breá leis na páistí amhráin agus rímeanna beaga trí Ghaeilge a chasadh ag deireadh an tseisiúin. Eagraithe i gcomhar le Glór na nGael, tá an grúpa SPRAOI oiriúnach d'éinne le páistí suas go 5/6 bliana d'aois. Tá gach eolas ar fáil ó Glór Cheatharlach ar 087 2857048, 059 9158105. Bígí linn agus beidh fáilte roimh chách! Cead isteach saor.

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| tuistí/leanaí | parents/toddlers |
| dátheangach | bilingual |
| líofa | fluent |
| sóisialta | social |
| eagraithe | organised |
| oiriúnach | suitable |
| go háirithe | especially |

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:

**Glór Cheatharlach,**

**Sráid an Choláiste, Ceatharlach**
**(059) 9158105 / (085) 1340047**
eolas@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!